**Comórtas Aistí 3ú Leibhéal – Comórtas Néill Uí Dhónaill**

**Gairm ar aistí – Márta 2026**

Bhunaigh Rannóg Foclóireachta Fhoras na Gaeilge Comórtas Aistí Néill Uí Dhónaill sa bhliain 2021 chun spéis san fhoclóireacht a spreagadh i measc mic léinn 3ú leibhéal (suas go leibhéal MA) agus chun iad a chur ag machnamh faoi ghairmeacha le Gaeilge. Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh an comórtas ar siúl arís i mbliana.

An uair dheireanach a reáchtáladh an comórtas, ba ar Chaoimhe Quinn (Ollscoil Uladh) a bronnadh Bonn Néill Uí Dhónaill. Scríobh Caoimhe aiste dar teideal *Tá cinntí le déanamh ag lucht foclóireachta maidir le forainmneacha sa lá atá inniu ann.*

I gcomórtas na bliana seo, fáilteofar roimh aistí acadúla i réimse na foclóireachta ó scoláirí 3ú leibhéal ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.

**Treoir**

Aiste 2,000 focal faoi cheachtar den dá theideal seo a leanas:

- An fhadhb is mó le foclóirí na Gaeilge ná...
- Idir mhín agus gharbh: níl áit i bhfoclóir Gaeilge don droch-chaint nó don ghraostacht.

Le haistí i nGaeilge **amháin** a ghlacfar. Ní ghlacfar le haistí atá foilsithe in áit éigin eile cheana féin.

**Duaiseanna**

As na haistí a mheastar a bheith ar an gcaighdeán cuí, bronnfar €200 ar an aiste is fearr i ngach cúige agus ar an aiste idirnáisiúnta is fearr, agus bronnfar €100 sa bhreis agus Bonn Néill Uí Dhónaill ar an aiste is fearr ar fad.

**Spriocdháta**

- Seol an aiste chuig **focloir@forasnagaeilge.ie** faoi 5.00pm, Dé hAoine, 10 Aibreán 2026.
- Bíodh **Comórtas Aistí 2026** mar theideal ar an ríomhphost.

**Cur i láthair na haiste**

Ní mór an aiste a chur i láthair mar seo a leanas:

- Líon focal: suas le 2,000 (gan an leabharliosta san áireamh)
- leathanaigh A4
- leathanach clúdaigh ar a bhfuil
    - ainm na haiste
    - ainm an mhic léinn
    - seoladh an mhic léinn (air seo a bhunófar an réigiún tíreolaíoch a shannfar do gach aiste)

    - ainm na hinstitiúide lena mbaineann an mac léinn
    - ná cuirtear an t-eolas seo in aon áit eile san aiste
- Times New Roman, 12pt, spásáil dhúbailte, gnáthchló rómhánach
- le haistí leictreonacha **i bhfoirm Word (.docx/.doc)** nó **i bhfoirm PDF (.pdf),** agus leo sin amháin, a ghlacfar

Ní mór a bheith cúramach faoi chúrsaí gramadaí, litrithe, stíle agus poncaíochta.

Ba chóir úsáid a bhaint as córas aitheanta tagartha ar nós Harvard nó APA san aiste. Ní ghlacfar le haistí ina bhfuil bradaíl fhollasach. Ní ghlacfar le haistí a bhfuil lorg uirlisí aistriúcháin nó cumtha téacs ar bith orthu (.i. Google Translate, ChatGPT, etc). Beidh de cheart ag Foras na Gaeilge aiste ar bith a bhfuil amhras fúithi a chur as an áireamh. Beidh de cheart ag Foras na Gaeilge soiléiriú nó dearbhú sa bhreis a iarraidh ar iarrthóirí i leith na n-aistí. Ba chóir leabharliosta a chur ag deireadh na haiste ina liostaítear gach foinse dá dtagraítear san aiste.

**Measúnú**

Painéal de dhaoine i bhForas na Gaeilge agus daoine seachtracha a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar na haistí agus na buaiteoirí a roghnú. Beidh obair agus plé an phainéil faoi rún.

Sannfar cód uathúil do gach aiste agus déanfar *marcáil dhall* ag gach ceann díobh. Ní bheidh sonraí an iarrthóra le feiceáil ag an marcálaí.

Ní bheidh dul thar bhreith an phainéil mheasúnaithe. Ní bheidh córas achomhairc ann.

Déanfar ainmneacha na mbuaiteoirí agus na hinstitiúidí lena mbaineann siad a fhoilsiú agus cuirfear ainmneacha na mbuaiteoirí ar fáil do na meáin.

**Tuilleadh eolais**

Is féidir le mac léinn ar bith atá ag freastal ar chúrsa 3ú leibhéal in Éirinn nó thar lear cur isteach ar an gcomórtas seo. Ní gá gur cúrsa sa Ghaeilge a bheadh idir lámha ag an mac léinn le cur isteach ar an gcomórtas. Ní ghlacfar le haistí ó dhaoine nach bhfuil ag freastal ar chúrsa 3ú leibhéal agus beidh de cheart ag Foras na Gaeilge cruthúnas a lorg go bhfuil iarrthóir ina m(h)ac léinn 3ú leibhéal.

Ní ghlacfar le haistí ó mhic léinn dochtúireachta.

Ní ghlacfar le haistí ó dhaoine a bhuaigh duais sa chomórtas seo cheana féin.